Gabh chuig **www.ccea.org.uk/therevision** leis an leagan is úrnua a íoslódáil den **tSonraíocht Chúram Sláinte agus Sóisialta (Teastas Dúbailte)**

Ag Tacú Leat

Beidh tacaíocht ar fáil ar líne ar mhicreashuíomh an ábhair. Tabhair cuairt ar mhicreashuíomh Chúram Sláinte agus Sóisialta trí logáil isteach ar www.ccea.org.uk agus é a roghnú ón roghchlár anuas. Beidh na rudaí a leanas ar an tsuíomh:

- an leagan is déanaí den tsonraíocht;
- scéimeanna oibre do gach aonad;
- treoir do mhúinteoirí do gach aonad;
- treoir do dhaltaí d'aonaid a ndéantar measúnú orthu go hinmheánach;
- comhaid fíricí do dhaltaí;
- ríomhleabhar do gach aonad;
- ábhair shamplacha mheasúnaithe d'aonaid le scrúdú;
- tuairiscí na n-ardscrúdaitheoirí agus na bpríomhscrúdaitheoirí d'aonaid le scrúdú; agus
- tuairiscí na n-ardmhodhnóirí agus na bpríomh-mhodhnóirí ar aonaid a ndéantar measúnú orthu go hinmheánach agus ar aonaid a ndéanann CCEA modhnóireacht orthu.

Beidh clár d'imeachtaí tacaíochta do mhúinteoirí atá saor in aisce, ar a n-áirítear:

- imeachtaí seolta don tsonraíocht nua;
- eiseamláiriú de chaighdeáin (i ndiaidh an chéad sraith scrúduithe); agus
- trialacha comhaontaithe d'aonaid a ndéantar measúnú orthu go hinmheánach.

Tá tacaíocht phearsanta ar fáil ónar nOifigeach Ábhair CCEA le dul i ngleic le do cheisteanna sonracha, ar a n-áirítear cuairt ar iarratas ar d'ionad.

3 fháth mhaithe le CCEA a roghnú don tsoláthar A-leibhéil agus GCSE agat

Tugann muid tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí

Cuireann CCEA an foghlaimeoir i gcroílár gach rud a dhéanann muid trasna an churaclaim ar fad.

Is eagraíocht **Áitiúil** muid

Is é CCEA foras cáiliúcháin Thuaisceart Éireann - tuigeann muid riachtanais áitiúla d'fhoghlaimeoirí áitiúla.

Tá muid **Ag Éisteacht**

Éisteann CCEA lena chuid custaiméirí le torthaí níos fearr a chinntiú d'fhoghlaimeoirí trí shonraíochtaí nuálacha, ábhartha, d'ardchaighdeán a fhorbairt.

Déan Teagmháil Linn

Má bhíonn ceist agat nó má bhíonn comhairle nó treoir de dhíth ort, gabh i dteagmháil le:

Oifigeach Ábhair le freagracht fhoriomlán as an tsonraíocht seo
An Dr Elaine Horner
(028) 9026 1200 foline 2197
ehorner@ccea.org.uk

Oifigeach Tacaíochta Sonraíochta
Nola Fitzsimons nfitzsimons@ccea.org.uk
(028) 9026 1200 foline 2235

@ccea_info cceainfo ccea.info

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

© CCEA 2016

Rewarding Learning

Rewarding Learning

GCE ATHBHREITHNITHE CCEA

Sláinte agus Cúram Sóisialta
Teastas Dúbailte
Roghbhlúire Sonraíochta

THE REVISION

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéaduair samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéaduair samhradh 2018

Sláinte agus Cúram Sóisialta Teastas Dúbailte
Roghbhlúire Sonraíochta

Forléargas

Déanann daltaí staidéar ar réimse eicléictiúil ábhar atá ábhartha don fhostaíocht in earnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta an gheilleagair.

Sna haonaid AS forbraíonn daltaí tuiscint ar chaighdeán maith cúraim agus ar chumarsáid éifeachtach agus foghlaimíonn siad faoi shláinte agus faoi fholláine an phobail. Foghlaimíonn siad níos mó faoi pháistí a chumhdach, teiripí iomlánaíocha agus ceachtar acu, fiseolaíocht nó úsáideoirí fásta seirbhísí.

Ag A2 foghlaimíonn daltaí faoin dóigh a bhfuil seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta agus seirbhísí luathbhlianta curtha in oiriúint le freastal ar na riachtanais atá ag grúpaí úsáideoirí seirbhísí ar leith. Bíonn an deis acu le staidéar a dhéanamh ar fhiseolaíocht, síceolaíocht nó cothú agus is féidir leo scileanna taighde a fhorbairt i dtopaicí atá ábhartha do chúram sláinte agus sóisialta, ar a n-áirítear cur chun cinn na sláinte.

Achoimre Sonraíochta

Tá trí aonad éigeantacha ag AS. Déantar measúnú ar Aonad 1 agus Aonad 2 go hinmheánach, is é sin go ndéanann an múinteoir iad a mharcáil agus déanann CCEA modhnóireacht orthu. Déantar measúnú ar Aonad 3 go seachtrach le scrúdú 2 uair an chloig. Déantar an teastas AS sé aonad a chomhlánú trí rogha a dhéanamh ar thrí cinn de na ceithre aonad AS, ar scrúdú seachtrach scríofa é ceann amháin acu.

Ag A2, tá Aonad 3 éigeantach agus déantar measúnú air go seachtrach le scrúdú 2 uair an chloig atá bunaithe ar ábhar réamheisiúna. Déantar an teastas a chomhlánú trí na ceithre aonad measúnaithe eile A2 agus scrúdú seachtrach scríofa amháin eile a bhaint amach.

Tairbhe do Dhaltaí

D'fhorbair muid an tsonraíocht seo le cuidiú le daltaí:

- eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna a fhorbairt atá ábhartha d'fhostaíocht sna hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta agus go dtí céimeanna éagsúla ar a n-áirítear altranas, gairmeacha gaolmhara sláinte, eolaíochtaí sóisialta, polasaí sóisialta, obair shóisialta agus luathbhlianta;
- dul chun cinn a dhéanamh i bhforbairt na scileanna smaointeoireachta acu, ar a n-áirítear foghlaim neamhspleách, smaointeoireacht chruthaitheach agus réiteach fadhbanna; agus
- forbairt a dhéanamh ar réimse scileanna a bhaineann le hobair ar a n-áirítear taighde a dhéanamh ag úsáid réimse foinsí agus a gcuid torthaí a chur i láthair i bhformáidí éagsúla, ag úsáid na teicneolaíochta agus ag obair le daoine eile.

Inneachar	Achoimre Inneachair	Measúnú	Ualuithe
AS 1: Cúram d'Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn (Éigeantach)	• Luachanna an chúraim • Reachtaíocht a chuireann cúram d'ardchaighdeán chun cinn • Sláinte agus sábháilteacht • Polasaithe • Tionchar an droch-chleachtais	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil atá bunaithe ar shuíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta a bhfuil taithí acu air. Déanann siad taighde fosta ar shampla de dhroch-chleachtas i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta sa RA.	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 2: Cumarsáid i Suíomhanna Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta (Éigeantach)	An chumarsáid i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta, agus luathbhlianta Tosca a thacaíonn le cumarsáid éifeachtach Bacainní sa chumarsáid le húsáideoirí seirbhísí a aithint agus a shárú Tábhacht na cumarsáide nuair atáthar ag obair i bhfoirne Measúnú criticiúil ar idirghníomhaíocht sa tsuíomh roghnaithe	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil bunaithe ar chumarsáid i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta. Cuireann siad breithmheas criticiúil ar fáil fosta ar a gcuid scileanna cumarsáide féin in idirghníomhaíocht duine le duine nó in idirghníomhaíocht ghrúpa.	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 3: Sláinte agus Folláine (Éigeantach)	Coincheapa na sláinte agus na folláine Tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine Cuir chun cinn na sláinte Róil na n-eagraíochtaí atá freagrach as sláinte agus as folláine Cleachtas leithcheala agus cleachtas in aghaidh leithcheala i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha.	25% de AS 10% den A-leibhéal
AS 4: Cumhdach Páistí (Éigeantach)	Forbairt dhearfach a chur chun cinn i suíomhanna luathbhlianta Tionchar na dteoiricí i suíomhanna luathbhlianta Mí-úsáid a thuiscint Polasaithe cumhdaigh a chur i bhfeidhm sna luathbhlianta Tosca a thiocfadh leo páistí a chur i mbaol mí-úsáide	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil ar chur chun cinn fhorbairt na bpáistí agus áis eolais ar mhí-úsáid páistí.	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 5: Úsáideoirí Fásta Seirbhísí	Coincheapa a bhaineann le húsáideoirí fásta seirbhísí Riachtanais na n-úsáideoirí seirbhísí a shainaithint agus riar a dhéanamh orthu Pleanáil agus soláthar d'úsáideoirí fásta seirbhís	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha	25% de AS 10% den A-leibhéal
AS 6: Teiripí Iomlánaíocha (Éigeantach)	Teiripí iomlánaíocha Bainistíocht agus cóireáil riochtaí sláinte Fianaise ar theiripí iomlánaíocha a úsáid Teiripí iomlánaíocha a úsáid i suíomhanna sláinte agus cúram sóisialta	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil ar úsáid na dteiripí iomlánaíocha i mbainistíocht reachta sláinte agus i suíomh sláinte nó cúram sóisialta.	12.5% de AS 5% den A-leibhéal
AS 7: Fiseolaíocht na Sláinte agus na Breoiteachta a Thuiscint	• Cealla agus fíocháin • An néarchóras • An córas inchríneach • An córas díleá • An córas úiríneach • Cothromaíocht uisce • Tionchar na neamhord ar dhaoine aonair	Scrúdú seachtrach scríofa: 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha.	25% de AS 10% den A-leibhéal
A2 1: Taighde Feidhmeach (Éigeantach)	• Topaic taighde a roghnú • Léirmheas litríochta • Taighde príomhúil • Torthaí taighde a anailísiú • Luacháil agus moltaí	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc taighde ar fáil atá bunaithe ar thopaic sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta dá rogha féin.	7.5% den A-leibhéal
A2 2: Córais Choirp agus Neamhoird Fhiseolaíocha	Córais imshruthaithe agus riospráide Stádas fiseolaíoch a mhonatóiriú Neamhoird fhiseolaíocha Tionchair an neamhoird agus na breoiteachta ar dhaoine aonair	Measúnú inmheánach: déanann daltaí imscrúdú praiticiúil ar stádas fiseolaíoch daoine aonair agus déanann siad taighde ar dhiagnóis agus ar chóireáil an neamhoird.	7.5% den A-leibhéal
A2 3: Seirbhísí a Sholáthar (Éigeantach)	• Tionchair na reachtaíochta agus tionchair an pholasaí ar sholáthar seirbhísí • Riar a dhéanamh ar riachtanais an duine aonair • Bacainní ar sholáthar seirbhísí a shárú • Róil agus freagrachtaí éagsúla na gcleachtóirí • Obair go héifeachtach i bhfoirne • Dearbhú cáilíochta	Scrúdú seachtrach scríofa bunaithe ar ábhar réamheisiúna 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha.	15% den A-leibhéal
A2 4: Cur Chun Cinn na Sláinte (Éigeantach)	• Tosaíochtaí feabhais don tsláinte áitiúil • Gníomhaíocht um chur chun cinn na sláinte a phleanáil • Ullmhúchán leis an ghníomhaíocht a luacháil • An ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm • An ghníomhaíocht a luacháil	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí tuairisc ar fáil ar thosaíochtaí feabhais sláinte agus ar chur chun cinn na sláinte agus déanann siad gníomhaíocht mhionscála um chur chun cinn na sláinte agus í a luacháil	7.5% den A-leibhéal
A2 5: Tacaíocht a thabhairt don Teaghlach (Éigeantach)	• Struchtúir theaghlaigh • An dóigh a ndéanann teaghlaigh riar ar riachtanais bhaill shoghonta • Tacaíocht atá curtha ar fáil do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh • Saincheisteanna teaghlaigh	Measúnú inmheánach: cuireann daltaí athbhreithniú ar fáil ar athruithe ar struchtúir theaghlaigh, cás-staidéar ar theaghlach; agus tuairisc ar sheirbhísí do theaghlaigh a bhfuil saincheisteanna acu.	7.5% den A-leibhéal
A2 6: Iompraíocht Dhaonna a Thuiscint	Dearcthaí síceolaíocha ar iompraíocht agus ar phearsantacht Dearcthaí a chur i bhfeidhm le daoine aonair a thuiscint agus a chóireáil Tionchar na dtosca socheacnamaíocha	Scrúdú seachtrach scríofa: 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha.	15% den A-leibhéal
A2 7: Cothú Daonna agus Sláinte	• Cothaithigh sa bhia • Treoirlínte reatha cothaithe • Sláinte chothaithe a fhiosrú • Riochtaí/ neamhoird a bhaineann le cothú • Tosca a théann i bhfeidhm ar iontógáil chothaithe • Ullmhúchán agus láimhseáil bhia	Scrúdú seachtrach scríofa: 2 uair an chloig Freagraíonn daltaí trí cheist éigeantacha.	15% den A-leibhéal